

GAISGIDHEACH NA MÍOLTOG

Bhí táilliur aon uair amháin. Lá breagh samhradh thug sé leis a chuid éadaigh agus shuidh sé ar mhaide na tairsigh agus thosuigh sé a' fuadháil. Chonnaic sé sgata cuilleogaí a' luigh ar an tsráid. D'eirigh sé ina sheasamh agus bhuail sé an t-éadach anuas ina mullach. Chuaidh sé a' comhramh agus bhí céad marbh aige den bhuille sin. "By dad" adeir sé, "is mór an marbhú é sin, ach is suarach an áit a bhfuil mé a' caitheamh mo shaoghail," adeir sé. D'imthigh sé leis agus chuaidh sé go dtí an gabha claimh a dhéanamh dhó, agus "fear mharbhú an chéid le aon bhuille" a sgríobh ar a thaobh. Rinne an gabha sin dó agus d'imthigh leis an bóthar go agus bhí sé a'siubhal go raibh sé an-deirneach san oidhche agus tháinig sé ag teach duine uasal.

Bhí muintir a' tighe ina gcodladh agus shuidh sé síos cois a' gheata go maidin. Nuair a d'eirigh an cailín amach chonnaic sí an gaisgidheach seo ina luighe cois a' gheata agus claimh leagtha lena thaobh aige. Tháinig fear a' tighe amach agus chonnaic sé an claimh agus "fear mharbhú an chéid le aon bhuille" sgríobhta air. Dubhairt sé go gcaithfeadh sé go mba iongantach an gaisgidheach é. Labhair sé leis go múinte agus d'iarr sé isteach 'na tighe é go mbeadh a briucfásta aige. Nuair a bhí a bhriucfásta tógtha aige de chuid shórt dá fheabhas dá mb'fhéidir leis a thabhairt dó. "Bhoil tá mé a' déanamh tigh" adeir a' duine uasal "agus gach a ndéantar sa lá dhe bíonn sé leagtha ar maidin," adeir sé, "agus má fhágann tú amach céard a tá dá leagann tiubhraidh mé trí mhias óir dhuit." "Tá go maith," adeir a táilliúr, adeir sé.

Nuair a tháinig an oidhche chuaidh an táilliúr go dtí an áit a raibh an teach dhá dhéanamh agus chuaidh sé suas ar a' stafal. Nuair a bhí sé amach léis an dó dhéag d'airigh sé íochtar na coille a' dhul ina huachtar. 'Sgarr go dtáinig triúr fathaigh agus trí cinn de ghróite acab, gró ag gach fear acab. An chéad fhear a chuir gró ins a' teach chaith sé (an táilliúr) miaróg de chloich leis agus bhuail sé ar pholl na cluaise é. D'ionntaigh sé sin thairis agus bhuail sé iarra den ghró ar an gceád fhathach a casadh leis, mar shíl sé go b'é a bhuail an chloich air. D'ionnsuigh an triúr fathaigh a' bualadh a chéile agus mharbhuigh beirt acab an fear eile, agus bhí deire le leagan an tighe an oidhche sin. B'éigin a dhul agus an dreatháir a chur.

Ar maidin lá'r na bháireach tháinig an táilliúr chomh fada leis an duine uasal. "A' bhfuair tú amach" adeir an duine uasal, "céard a bhí a' leagan a' tighe. "Bhoil pébrí céard a bhí dhá leagan" adeir an táilliúr, níor leagadh aon bhlas aréir dhe." "By dad" adeir an duine uasal "is maith an fear thú ach a'dtráilfidh tú oidhche eile ann." "By dad tríáilfeadh" adeir an táilliúr.

San oidhche lá'r na bháireach chuaidh se a' faire an tighe, agus thug sé leis miaróg de chloich ina láimh a' dhul suas ar an stafal. Nuair a bhí sé théis a dó dhéag d'airigh sé an siosga a' teacht aríst. Ní raibh ann ach beirt de na fathaigh an oidhche seo agus an chéad

duine a chur gró sa teach chaith sé an mhiaróg de chloich leis agus bhuail sé ar a' gcluais é. D'ionnsuigh an bheirt fhathaigh a chéile nó gur mharbhuigh an duine acab an duine eile. D'arduigh sé leis ar a dhruim é go gcuirfeadh sé é agus bhí deire le leagan an tighe an oidhche sin. Ar maidin lá'r na bháireach chuaigh an táilliúr chomh fada le teach a' duine uasal aríst. D'fiarfuigh an duine uasal de a' raibh fhios aige céard a bhí a' leagan a'tighe. "Cébrí céard a bhí dhá leagan" adeir sé, "níor leagadh aon bhlas aréir de." "By dad is maith an fear thú" adeir an duine uasal. Nó an ngabhfaidh tú oidhche eile dhá fhaire," adeir an duine uasal. "Tuige nach ngabhfainn" adeir an táilliúr.

An tríomhadh oidhche chuaigh sé go dtí an teach agus thug sé miaróg de chloich leis. Amach i ndeire na hoidhche d'airigh sé an siosga a' teacht agus ní raibh ann ach aon fhathach amháin an tríomhadh hoidhche ag teacht. Nuair a chuir an fathach an gró sa teach chaith an táilliúr an chloich agus bhuail sé ar a' gcluais é. Thosuigh an fathach a' breathnughadh ina thimcheall. Ní raibh fhios aige sa domhan cé bhuail é agus chonnaic sé an táilliúr shuas ar an stafal. "Ó, a bhitheamhnaigh!" adeir an fathach, "gaibh anuas a'm agus níl fhios a'm céard a dhéanfas mé leat mara gcuirfidh mé de shéideog san aer thú, agus bhí tú do chion-tiocair," adeir sé "le mo bheirt dreathár a mharbhughadh." "Sgearr go mbeidh mise thíos a'd a bhuachaill" adeir an táilliúr, a' gabháil anuas agus a' coingbheál an taobh den claimh a raibh "fear marbhughadh an chéid" sgríobhta air ar aghaidh rus go bhfeicfeadh sé é. "Chaithfeadh sé go gcaithfeadh sé gur iongantach an gaisgidheach tú" adeir an fathach leis féin agus bhuail claidhiriadhacht é. "Agus níl rud a' bith is fearr dom ná déanamh mór leat agus a thabhairt liom in éinfheacht liom féin agus le mo mháthair."

Rinne sé mór leis leis a' táilliúr agus dubhairt sé leis a theacht in éinfheacht leis féin agus lena mháthair ó bhí a bheirt dreathár marbh agus go mbeadh saoghal maith acab. "Tá go maith" adeir an táilliúr "gabhfaidh mé in éinfheacht leat" adeir sé. Nuair a tháinigeadar go dtí an mháthair "seo gaisgidheach a thug mé mé liom ó bhí mo bheirt dreathár marbh" adeir an fathach "agus déanfaidh sé seirbhís dúinn," adeir sé. "Muise feictear dhom" adeir máthair na bhfathach, "fear go beag de théagar leis nach bhféadfadh sé mórán spreacadh a bheith ann. " Tabhair leat a' caitheamh an oird mhóir é" adeir an mháthair, "agus chaon duine de do bheirt dreathár i ndon é a chur seacht n-iomaire agus seacht n-acra."

Rug a' táilliúr ar an ord agus chuir sé a mhéar ina bhéal agus lig sé fead. "Cén fág a a bhfuil tú dhá dhéanamh sin" adeir an fathach. "Bhí dreatháir liom a thosuigh a' déanamh tigh nuair a d'fhág mé an baile agus d'fheilfeadh an t-ord seo go rí mhaith é agus tá me go gcaithfidh mé aige é," adeir an táilliúr. "Ó céard tá tú a dhéanamh" adeir an fathach, "ord mór na sinsear go deimhin ní chaithfir" adeir sé. "Ní chaithfidh mé chor a' bith mar sin é" adeir an táilliúr adeir sé. Nuair a tháinig an fathach isteach go dtí an mháthair "bhfuil aon mhaith leis a' caitheamh an oird?" adeir an mháthair. "Nach é an chaoi a raibh sé dhul dhá chaitheamh ag dreatháir a bhí sa mbaile dá dtugainn cead dó" adeir an fathach. "Feicear dom" adeir an mháthair "fear go beag de théagar leis nach bhféadfadh sé mórán spreacadh a bheith ann, ach le gliocadhacht atá sé a déanamh na hoibre. "Bhí chaon duine de do dhreatháiracha i ndon lán a' dabhach mhóir sin a thabhairt leothab agus tabhair leat é go bhfeicfidh tú a bhfuil sé i ndon a lán a thabhairt ó'n tobar." D'iarr an fathach air an dabhach a thabhairt leis nó go dtugfadh sé a lán uisge ó'n tobar agus amháin ní raibh sé i ndon an

dabhach folamh a thabhairt leis ní hé amháin é a chrochadh agus dubhairt an táilliúr leis a' bhfathach an dabhach folamh a thabhairt 'un a tobair agus go dtiubhrfadh sé féin lán an dabhach as an tobair. Thug an fathach leis an dabhach agus thug an fathach láidhe leis agus chuadar 'un an tobair.

Thosuigh an táilliúr a' gearradh claise timcheall ar an tobair. "Céard tá tú a dhéanamh mar sin?" adeir an fathach. "Tá mé go dtuga mé an tobair agus a bhfuil ann abhaile ag do mháthair" adeir sé. "B'fhéidir gur minic a bheithfeá-sa imighthe as a' mbaile agus dá mbeadh an tobair in aice an doruis ag do mháthair bheadh sí i ndon braon uisge a thabhairt aice féin." "Óra céard tá tú a dhéanamh" adeir a' fathach, "tobar na sinsear" adeir sé, "go deimhin ní thiubrfair." "Mara dtuga" adeir an táilliúr, tabhair thú féin abhaile do dhabhach," adeir sé.

Nuair a tháinigeadar abhaile "cé mar d'oibrigh sé?" adeir an mháthair. "Ó nach é an chaoi a raibh sé dhul a' tabhairt an tobair agus a raibh ann 'un a tighe," adeir an fathach "dá dtugainn a chead dó." "Ní le spreacadh atá an ruifíneach seo a déanamh na hoibre chor ar bith," adeir an mháthair, "ach le gliocaidheacht. Ach tabhair leat chúig cinn de chaoraigh" adeir an mháthair, "agus marbhuigh iad, agus dhá bhuiséal fataí agus bruith iad go bfeicfidh tú cé agaibh is mó atá i ndon ithe." Chúns bhí an fathach a réidhteach bhí an tailliúr a' cuartughadh go bhfuair sé craiceann gabhair agus go ndearnaidh sé mála de. Chuir sé taobh istigh dá chuid éadaigh é. Nuair a bhí an béile réidh chuadar ag ithe. Bhí an táilliúr a' líonadh an mhála chomh maith agus d'fhéad sé i ngan fhios don fhathach. "By dad" adeir an fathach nuair a bhí sé sáthach, "níl mise i ndon ithe níos mó," adeir sé. "Níl mise mar sin" adeir an táilliúr. "Tá mise i ndon an méid atá ithte a'm a sgaoileadh amach aríst agus an méid céadhna a ithe aríst" adeir sé. "Cé chaoi a mbeithfeá i ndon é sin a dhéanamh" adeir an fathach adeir sé. Rug an táilliúr ar an sgian agus ghearr sé an mála anuas agus sgaoil sé amach a raibh curtha aige ann ó thosuigh sé ag ithe. "Faraoir nach bhfuil mise i ndon é sin a dhéanamh" adeir an fathach, "rus go mbeinn i ndon an oiread eile a ithe aríst agus is fearr duit é a dhéanamh liom" adeir sé leis an táilliúr. "By dad ní dhéanfaidh mise leat é" adeir an táilliúr leis. "Déan tú féin leat féin é. Rug an fathach ar a sgian agus d'osgail sé é féin leis a' sgian ó na bhéal síos go dtí íochtar a bhoilg agus shín sé siar agus cailleadh é.

'Sgearr go dtáinig an mháthair thart féachaint ce acab ba mhó a bhí i ndon ithe, agus fuair sí é seo marbh. "Óra a bhitheamhnaigh bhí fhios agam nach le neart a bhí mo bheirt mhac marbhuighthe agat ach le gliocas ach marbhóchaidh mise tú féin anois," adeir sí. Rith sé ón gcailleach agus ní raibh mórán amhairc aice agus chuaidh sé i gcúinne eicint i bhfolach. Ní raibh aon rún aige imtheacht go ngoidfeadh sé an méid óir a bhí ag na fathaigh shál a n-imigheadh sé. Bhí sé a' faire ar a' gcailleach chuile lá no go bhfuair se ina codladh í agus chir sé dhá bhior sa teine gur dhearg sé iad agus sháith sé isteach faoi na súile iad agus ní raibh spré ar bith annsoin aice. Bhí sé ag imtheacht a' cuartú chuile áit agus ní raibh amharc ar bith aice-se air nó go bhfuair sé amach a raibh de airgead sa teach agus gur arduigh sé leis é. Thainig sé go dtí teach an duine uasal go bhfuair sé a thrí mhias óir. Rinne an duine uasal a theach agus níor leagadh aon chloich ní ba mhó dhe. Tháinig an táilliúr abhaile agus é saibhir sáthach.

